# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 6

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €524,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin in imlitir 20 de 2024 chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Ioncam fabhraithe***

Rinne an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Éilimh ar Fheidhmeanna Bainistíochta Costas a Tharmligean), 2018 (IR 191 de 2018) bainistiú éileamh i leith orduithe costas dlí (ar son agus i gcoinne an Stáit araon) a rinneadh an 29 Bealtaine 2018 nó ina dhiaidh sin a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá an Oifig fós freagrach as na dámhachtainí costais dlí a bhí ann roimh an 29 Bealtaine 2018 a aisghabháil. Is ionann ioncam fabhraithe sa chuntas seo agus costais dlí a bronnadh ar an Stát a ndearnadh cáin a ghearradh orthu/a bhreithniú de bhun orduithe costas dlí a fuarthas roimh an 29 Bealtaine 2018 ach nár gnóthaíodh go hiomlán fós. Mar chuid den aistriú chuig CGAS, tá maolú faighte ag an Oifig maidir le Forálacha CGAS 19, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha. Tá an Oifig le measúnú a dhéanamh ar in-aisghabhálacht an iarmhéid ioncaim fhabhraithe in 2025, lena sainaithnítear aon lagú ar mhéideanna in-aisghabhála.

***Táillí abhcóide fabhraithe***

Tá nótaí táillí a fhaightear ó abhcóide faoi réir próiseas meastóireachta cuimsitheach chun leibhéal na dtáillí atá dlite a chinneadh, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ón méid/ó na méideanna atá á lorg ag abhcóide. Is é an fabhrú ag deireadh na bliana maidir le dliteanais táillí abhcóide an méid a mheasann an Oifig, bunaithe ar thaithí a próisis mheasúnaithe le linn na bliana cuntais, mar mhéid an dliteanais a thiocfaidh chun bheith dlite.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Is mar seo a leanas atá na saolréanna fónta agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le móraicmí sócmhainní caipitil:

| *Aicme Sócmhainne* | *Saolré fhónta* | *Ráta dímheasa /amúchta* |
|---|---|---|
| Maoin, fearas agus trealamh | 5 – 10 mbliana | 10% – 20% |
| Sócmhainní doláimhsithe | 5 bliana | 20% |

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá fianaise ann ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Go bhfuil córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig.
- Go bhfuil córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig a oibrítear trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm Iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. €25.8 milliún a caitheadh san iomlán ar earraí, seirbhísí gairmiúla agus seirbhísí eile ar conradh in 2024.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig faoi naoi gconradh neamhiomaíocha sa bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh) sa tuairisceán bliantúil maidir le himlitir 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin .

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas i gcás soláthraí seirbhíse amháin ar íocadh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) leis. Íocadh €67,001 (gan CBL san áireamh) leis an soláthraí seirbhíse i leith seirbhísí cuntasaíochta a bhain le costais dlí. Chuir Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit athbhreithniú i gcrích ar sholáthar sheirbhísí na gcuntasóirí costas dlí ag deireadh mhí an Mheithimh 2024. Sna blianta roimhe seo, rinneadh na seirbhísí sin a rangú mar sheirbhísí dlí. Ba é toradh an athbhreithnithe gur ghlac Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit leis gur cheart ceanglais seirbhíse amach anseo ó mhí Iúil 2024 a sholáthar i gcomhréir le rialacha soláthair phoiblí agus go n-áireofar na seirbhísí sin i nochtadh 40/2002 go dtí go soláthródh an t-údarás conarthach ábhartha na seirbhísí i gcomhréir le treoirlínte soláthair. Tá seo curtha san áireamh anois i dtuairisceán bliantúil 40/2002 agus tá tagairt déanta orthu thuas.

***Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide***

Cuireann an Oifig rialuithe dea-chleachtais i bhfeidhm chun príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála ICT

***Rialuithe airgeadais agus riaracháin***

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú rialta ar rialuithe. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig ina sainaithnítear agus a ndéantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus tá grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go leathbhliantúil. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar na rioscaí a bhainistiú chuig leibhéil inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2024 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

**Maria Browne**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

24 Iúil 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh** An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

11 Lúnasa 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mba rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Seirbhísí dlí a sholáthar | | | | |
| *Bunchaiteachas* | 50,040 | | | |
| *Forlíontach* | 3,580 | | | |
| | | 53,620 | 53,450 | 49,485 |
| **Ollchaiteachas** | | **53,620** | **53,450** | **49,485** |
| *Le hAsbhaint* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,144** | **1,498** | **1,336** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 48,896 | | | |
| *Forlíontach* | 3,580 | | | |
| | | **52,476** | **51,952** | **48,149** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **523,833** | **1,349,067** |

**Maria Browne**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

11 Márta 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 21,438 | 20,744 |
| Pá | | 27,685 | 25,567 |
| Neamhphá | | 4,327 | 3,174 |
| **Ollchaiteachas** | | **53,450** | **49,485** |
| *Le hAsbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **1,498** | **1,336** |
| **Glanchaiteachas** | | **51,952** | **48,149** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (67) | | |
| Dímheas | 126 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 14 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (24) | | |
| Amúchadh | 69 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | | |
| | | 120 | 172 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (77) | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 31 | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 113 | | |
| | | 67 | 510 |
| **Caiteachas díreach** | | **52,139** | **48,831** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,438 | 5,512 |
| Measchíosanna | | 865 | 865 |
| **Glanchostas an chláir** | | **58,442** | **55,208** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,566 | 3,868 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,795 | 1,570 |
| Vóta 18 | Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 38 | 38 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 39 | 36 |
| | | **5,438** | **5,512** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 188 | 261 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 53 | 100 |
| | | **241** | **361** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,621 | 1,284 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 502 | 425 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 9,671 | 9,702 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 636 | 571 |
| | | **12,430** | **11,982** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 4,931 | 4,818 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 2,106 | 1,849 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 151 | 6 |
| | | **7,188** | **6,673** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **5,242** | **5,309** |
| **Glansócmhainní** | | **5,483** | **5,670** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.10 | **5,483** | **5,670** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 1,600 | 1,553 | 3,153 |
| Suimeanna Breise | 67 | — | 67 |
| Diúscairtí | (284) | (5) | (289) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 1,383 | 1,548 | 2,931 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 1,408 | 1,484 | 2,892 |
| Dímheas don bhliain | 108 | 18 | 126 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (270) | (5) | (275) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 1,246 | 1,497 | 2,743 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **137** | **51** | **188** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 192 | 69 | 261 |

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 993 | 993 |
| Suimeanna Breise | 24 | 24 |
| Diúscairtí | (186) | (186) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 831 | 831 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 893 | 893 |
| Amúchadh don bhliain | 69 | 69 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (184) | (184) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 778 | 778 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **53** | **53** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 100 | 100 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim [a]

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | 1,613 | 1,278 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála | 8 | 6 |
| | **1,621** | **1,284** |

Nóta [a] Coinníonn an CSSO líon cuntas bainc ar iontaobhas thar ceann ranna agus oifigí cliant agus tríú páirtí a bhíonn páirteach in idirbhearta maoine. Ní dhéantar aon airgead atá dlite do vóta an CSSO ná a íoctar ó vóta an CSSO a tharchur trí na cuntais bhainc seo. B'ionann an méid a bhí coinnithe i gcuntais bhainc den chineál seo ag deireadh na bliana 2024 agus €2.58 milliún (2023: €13.29 milliún).

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Bogearraí agus cothabháil eile | 342 | 272 |
| Seirbhísí eolais | 134 | 109 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 26 | 44 |
| | **502** | **425** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir | 9,702 | 9,728 |
| Fáltais airgid | (31) | (26) |
| Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig | **9,671** | **9,702** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail infhorchúitithe | 615 | 557 |
| Scéim maidir le pas infhorchúitithe taistil | 13 | 12 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre inforchúitithe | 8 | 2 |
| | **636** | **571** |

## 2.7 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí abhcóidí | 3,364 | 4,555 |
| Speansais ghinearálta dlí | 46 | 71 |
| Taisteal agus cothabháil | 4 | — |
| Oiliúint agus forbairt | 46 | 7 |
| Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil | 25 | 35 |
| Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF | 57 | 89 |
| Speansais áitribh | 3 | 32 |
| Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde | 18 | 3 |
| Seirbhísí seachtracha dlí | 19 | 26 |
| Párolla (nóta 2.13) | 895 | — |
| Saoire bhliantúil (nóta 2.13) | 454 | — |
| | **4,931** | **4,818** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don stáit** | | |
| Cáin ioncaim | 507 | 482 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 306 | 281 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 785 | 540 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | — | — |
| Cáin bhreisluacha | 2 | 29 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 3 |
| Bliain oibre níos giorra | 2 | 2 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| | 1,603 | 1,338 |
| Maoin stáit: eastáit eiséata [a] | 503 | 511 |
| | **2,106** | **1,849** |

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid seo iníoctha leis an Stát chomh maith. Taispeántar ar leithligh é sa tábla thuas mar go n-eascraíonn na méideanna eile uilig atá dlite don Stát as oibríochtaí leanúnacha an CSSO agus baineann an figiúr atá luaite le heastáit eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thríú páirtithe seachtracha ina bhfuil an CSSO ag fanacht ar threoracha diúscartha.

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 524 | 1,349 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (373) | (1,343) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **151** | **6** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,621 | 1,284 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 636 | 571 |
| | 2,257 | 1,855 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,603) | (1,338) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (503) | (511) |
| | (2,106) | (1,849) |
| | **151** | **6** |

## 2.10 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | **Nóta** | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 5,670 | 6,340 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 52,476 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (524) | | |
| Glanvóta | | | 51,952 | 48,149 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 5,438 | 5,512 |
| Míreanna neamhairgid: Measchíos | 1 | | 865 | 877 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (58,442) | (55,208) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **5,483** | **5,670** |

## 2.11 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | **1,364** | **1,136** |

## 2.12 Dliteanais aibí

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | **216** | **111** |

## 2.13 Tionchar na n-athruithe beartas cuntasaíochta i 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntas (CGAS) aíochta rialtais láir nua i bhfeidhm ó dháta an 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

| | 2024 |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla [a] | (895) |
| Fabhrú saoire bliantúla [a] | (454) |
| | **(1,349)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunchaiteachas* | 28,482 | | | |
| | | *Forlíontach* | (179) | | | |
| | | | | 28,303 | 27,685 | 25,567 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | 90 | 60 | 70 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | 440 | 407 | 356 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 530 | | | |
| | | *Forlíontach* | 200 | | | |
| | | | | 730 | 854 | 784 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,378 | | | |
| | | *Forlíontach* | 580 | | | |
| | | | | 1,958 | 1,999 | 1,056 |
| vi | Speansais áitribh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 750 | | | |
| | | *Forlíontach* | 29 | | | |
| | | | | 779 | 783 | 693 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 150 | | | |
| | | *Forlíontach* | 50 | | | |
| | | | | 200 | 224 | 215 |
| | | | | **32,500** | **32,012** | **28,741** |

Nóta [a] Athraíodh an anailís ar fho-cheannteidil riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú ar fud na gcuntas a vótáladh. Tá athanailís déanta ar fhigiúirí comparáideacha 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin leagtha amach thíos.

**iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil**

*Soláthar meastacháin €530,000; toradh €854,000*

Ba mar gheall ar mheascán de chostais oibriúcháin mhéadaithe (lena n-áirítear, inter alia, tomhaltáin TF agus stáiseanóireacht) agus costais mhéadaithe chun rochtain a fháil ar bhunachair sonraí éagsúla maidir le heolas dlíthiúil a tharla an róchaiteachas €324,000 faoin bhfo-cheannteideal seo.

**v Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF**

*Soláthar meastacháin €1.378 milliún; toradh €1.999 milliún*

Ba mar gheall ar uasghrádú riachtanach ar chóras bainistithe cásanna agus taifead a tharla róchaiteachas €621,000 faoin bhfo-cheannteideal seo.

## Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,482 | | | |
| | | *Forlíontach* | (179) | | | |
| | | | | 28,303 | 27,685 | 25,567 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,338 | | | |
| | | *Forlíontach* | 859 | | | |
| | | | | 4,197 | 4,327 | 3,174 |
| A.3 | Seirbhísí seachtracha dlí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 220 | | | |
| | | *Forlíontach* | 50 | | | |
| | | | | 270 | 291 | 225 |
| A.4 | Táillí abhcóide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | | 20,000 | 20,408 | 19,500 |
| A.5 | Speansais ghinearálta dlí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (150) | | | |
| | | | | 850 | 739 | 1,019 |
| | | | | **53,620** | **53,450** | **49,485** |

Nóta As an gcaiteachas dlí a tabhaíodh faoi A.3 go A.5 thuas, íocadh €21.2 milliún amach thar ceann 35 roinn/vóta in 2024 (2023: €20.23 milliún, 29 roinn/vóta).

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin chláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.4 Táillí abhcóide**

*Soláthar meastacháin €17.0 milliún; toradh €20.408 milliún*

Ba mar thoradh ar nádúr éileamh-bhunaithe táillí abhcóide a raibh caiteachas breise €4.08 milliún ann i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**A.5 Speansais ghinearálta dlí**

*Soláthar meastacháin €1.00 milliún; toradh €740,000*

Ba mar thoradh ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an dul chun cinn a dhéantar i dtaobh cásanna cúirte sna cúirteanna an tsábháil €260,000 i gcaiteachas a bhain leis an soláthar measta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 143 | 468 | 428 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,000 | 1,019 | 898 |
| 3 | Ilghnéitheach | 1 | 11 | 10 |
| | | **1,144** | **1,498** | **1,336** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**1 Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

*Soláthar meastacháin €143,000; réadaithe €468,000*

Ba é ba chúis leis an bhfáltas breise €325,000 don bhliain ná leibhéal aisghabhála costais a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, go háirithe i sé chás arbh fhiú €320,000 san iomlán iad.

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais faoi ailt 10 agus 28 den Acht Maoine Stáit, 1954 | 661 | 1 |
| Fáltais faoi alt 31 den Acht Maoine Stáit, 1954 | — | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (661) | (1) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 An líon fostaithe

| **Coibhéis lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| Foireann CSSO dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí | 360 | 341 |
| Foireann CSSO ag obair ar thionscadail dlí ar leith do chliantranna/cliantoifigí | 21 | 11 |
| | **381** | **352** |

### 5.2 Pá

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Pá | 26,680 | 23,848 |
| Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 196 | 151 |
| Liúntais eile | 9 | 8 |
| Ragobair | 33 | 27 |
| PRSI Fostóra | 2,702 | 2,367 |
| **Pá comhlán iomlán** | **29,620** | **26,401** |
| | | |
| Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile | (1,935) | (834) |
| **Glanphá iomlán** | **27,685** | **25,567** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 41 | 7 | 14,600 | 10,362 |
| Liúntais eile | 4 | — | 2,128 | 2,333 |
| Ragobair | 6 | — | 8,878 | 7,432 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 4 | 4 | 14,190 | 12,675 |

### 5.4 Bandaí pá fhostaithe na hOifige

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na hOifige a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go dtí | 2024 | 2023 |
| 20,000 | 59,999 | 226 | 218 |
| 60,000 | 69,999 | 13 | 21 |
| 70,000 | 79,999 | 15 | 17 |
| 80,000 | 89,999 | 25 | 62 |
| 90,000 | 99,999 | 78 | 53 |
| 100,000 | 109,999 | 36 | 15 |
| 110,000 | 119,999 | 16 | 12 |
| 120,000 | 129,999 | 6 | 8 |
| 130,000 | 139,999 | 4 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 2 | — |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | — |
| 170,000 | 179,999 | 1 | 3 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | 1 |
| 220,000 | 229,999 | 1 | — |

### 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **225** | **215** |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim pinsean roimh 1995 an tOifigeach Cuntasaíochta agus i dtaca leis sin ní théann a cuid teidlíochtaí ina leith thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

### 5.6 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille *ad hoc* ar bhoird agallaimh do chomórtais ar chostas iomlán €8,970. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh 2024 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile.

### 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 45 | 82,264 | 22,561 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 8 | 21,789 | 12,053 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Díscríobh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana

| | 2024<br>€000 | 2023[a]<br>€000 |
|---|---|---|
| Aturnaetha Stáit | — | 25 |

Nóta [a] Is ionann an méid a díscríobhadh agus caiteachas gan choinne ag aturnaetha Stáit áitiúla le linn na tréimhse 2004 go 2007 a mheastar a bheith neamh-inghnóthaithe.